

An Iodáil: Anchás sa Mheánmhuir do bheirt dearthár as an tSiria

De réir mar atá na farraigí ag fáil níos teo, tá méadú ag teacht ar an líon bád ina bhfuil imircigh agus teifigh agus iad ar an aistear contúirteach trasna na Meánmhara ar an tslí chun na hEorpa. Le seachtain anuas, tarrtháladh os cionn 8 500 duine as an bhfarraige agus tugadh go dtí áiteanna éagsúla san Iodáil iad. Tá sé deimhnithe go bhfuair naonúr bás. Is cúpla as an tSiria iad Mohammed agus Iyla; tá siad 25 bliana d'aois. Theith siad Aleppo in 2013 nuair a buamáladh a dteach agus a mbialann. Tar éis ceithre mhí a chaitheamh ag feitheamh sa Libia agus os cionn 3 000 dollar a bheith íoctha le smuigléirí acu, bhí na deartháracha ag titim in éadóchas.

‘Thóg siad an oiread sin airgid uainn. D’fhág siad tréimhse fhada faoi ghlas i seomra sinn, agus gan de bhia á thabhairt dúinn ach ruainne cáise agus beagán aráin uair sa ló. Ba mhór an ciapadh é. Thug siad aghaidh a mbéil orainn agus mhaslaigh siad muid. Ní hé an duine céanna a thagadh isteach aon dhá lá i ndiaidh a chéile. Ní rabhamar in ann cuntas a choinneáil ar a raibh ag tarlú. Bhí daoine nua, agus iad faoi airm, ag teacht isteach chugainn an t-am ar fad.’

Ach níorbh aon rogha dóibh filleadh ar an tSiria.

‘Dá mba fanacht sa Mheánoirthear a dhéanfaimis, bheadh muid marbh. Uair amháin ina shaol atá sé i ndán don duine bás a fháil. Shocraíomar dul in amhantar an bháis agus féachaint le teacht anseo.’ An 14 Aibreán, tugadh an t-ordú dóibh dul ar an mbád.

‘Bhí an t-aistear an-deacair. Ar an gcéad dul síos, bhíomar ar an bhfarraige mhór ar feadh i bhfad. Bhíomar 15 uaire an chloig ar an bhfarraige. Bhí an t-inneall ar tí cliseadh. Chosain Dia sinn. Bhíomar ag ceapadh go bhfaighimis bás nóiméad ar bith. Gach uair a baineadh croitheadh as an mbád, cheapamar go n-iompódh sí. Bhí leanaí ar bord. Bhí an-eagla orainn agus níor bhogamar ar fhaitíos go gcuirfí i gcontúirt na leanaí.’ Is mór an faoiseamh do Mohammed agus do Iyla é go bhfuil siad beo. Tá siad ar dhream den ghlúin atá ar fán agus a bhfuil saol duairc fágtha ina ndiaidh acu; dream nach bhfuil a fhios acu cad atá i ndán dóibh amach anseo.